# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 33

## Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

## Réamhrá

Tá ceanglas orm mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 33 cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus ar speansais an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun deontais áirithe a íoc.

Tá comparáid á déanamh idir olltoradh an chaiteachais agus na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair, agus
- arna gcur ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil in 2024 as leithreasuithe 2023 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Dlitear barrachas €32.341 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an ráiteas faoi bheartais agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 7.

## Ráiteas faoi bheartais agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh chun feidhme na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe i gciorclán 20 de 2024,agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis seo cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGAS) a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

***Dímheas sócmhainní caipitil***

Déantar dímheas maoine, gléasra agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a áireamh agus a ghearradh de réir CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Is iad seo a leanas saolré ionchais agus rátaí gaolmhara de mhóraicmí sócmhainní caipitil:

| *Aicme na sócmhainne* | *Saolré ionchais* | *Ráta dímheasa/ amúchadh* |
|---|---|---|
| Foirgnimh | 50 bliain | 2% |
| Trealamh oifige agus TF | 5 bliana | 20% |
| Troscán agus feistis | 10 mbliana | 10% |
| Bogearraí ceannaithe agus forbartha | 5 bliana | 20% |

## Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a riar.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcoimeád, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go bhfuil cosc á chur ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé m’fhreagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhíse idir an Roinn seo agus Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte i leith seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a chur ar fáil.

Táim ag braith ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta d’Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe um Bainistíochta Seirbhíse idir an Roinn seo agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt. Tá mé ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta Dlí agus Cirt á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe comhdhéanta de na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choimeádann an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú.
- Go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn.
- Go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC.
- Go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Cuirtear bonn eolais faoina gcuid oibre trí anailís ar na rioscaí airgeadais atá roimh an Roinn agus tá a bpleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agam féin i bpáirt leis an gCoiste Iniúchóireachta, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar tríd na pleananna sin leis na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí a fhiosrú.

***Soláthar***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair i mbronnadh gach conartha agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontacht leis na treoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn faoi chonradh neamhiomaíoch amháin de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas i gcás conartha amháin de bhreis ar €25,000 (gan CBL san áireamh) mar a leanas:

- Conradh amháin do sholáthar seirbhísí dlithiúla ina raibh costas deiridh na seirbhísí a solathraíodh €51,344 (gan CBL san áireamh) níos airde ná luach an tsoláthair tosaigh mar gheall ar chastacht agus méid na comhairle a bhí de dhíth.

Tá an conradh thuas curtha san áireamh i dtuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena sainaithnítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú, agus lena ndéantar tuarisiciú faoi na rioscaí agus gníomhartha sin.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

***Ceisteanna rialaithe airgeadais inmhéanaigh***

Níor aithníodh aon laigí i rialú airgeadais inmheánach maidir le 2024 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Feargal Ó Coigligh**
Oifigeach Cuntasaíochta
Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

26 Márta 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dáil Éireann

### Vóta 33 Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 33 Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 33 Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Caillteanas mar gheall ar thrasuí mall na Treorach AE***

Nochtann an tOifigeach Cuntasaíocht gur taibhíodh caiteachas €4.33 milliún in 2024 maidir le fíneáil a gearradh mar gheall ar bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Eisíodh an breithiúnas maidir le cás a thóg an Coimisiún Eorpach a bhain le teip na hÉireann forálacha Threoir 2018/1808 ón Aontas Eorpach a thrasuí, lena leasaítear an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, 2010. Le hAirteagal 2 Threoir 2018, éilítear ar gach ballstát trasuí na Treorach a chur i gcrích faoin 19 Meán Fómhair 2020.

Eisíodh breithiúnas na Cúirte Eorpaigh i mí Feabhra 2024. Bhí íocaíocht chnapshuime €2.5 milliún i gceist leis an bhfíneáil a ghearr an chúirt as an sárú, mar aon le fíneáil laethúil €10,000 fad is go raibh an sárú fós ar siúl, mar aon le costais dhlíthiúla. Cuirtear in iúl sa chomhfhreagras ón gCoimisiún go raibh sé sásta gur cuireadh an trasuí i gcrích faoin 18 Samhain 2024, rud a chuir deireadh le carnadh na bhfíneálacha laethúla.

Mar gheall ar an mbreithiúnas, d’íoc an Roinn an chnapshuim €2.5 milliún agus €2.64 milliún maidir leis na fíneálacha laethúla – €5.14 milliún ar an iomlán. As sin, íocadh €4.33 milliún in 2024, agus gearradh ar fho-cheannteideal E.7 é. Rinneadh foráil €810,000 sa ráiteas ar an staid airgeadais ag deireadh 2024 i leith iarmhéid na fíneála, a glanadh in 2025.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Mean Fomhair 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

## Cuntas Leithreasa 2024

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Seirbhísí turasóireachta | | | | |
| | *Bunaidh* | 218,644 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 4,380 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,700 | | | |
| | | | 227,724 | 220,997 | 205,310 |
| B | Ealaíona agus Cultúr | | | | |
| | *Bunaidh* | 369,336 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 7,800 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,350) | | | |
| | | | 375,786 | 355,925 | 346,858 |
| C | An Ghaeltacht | | | | |
| | *Bunaidh* | 100,600 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,500 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,850) | | | |
| | | | 100,250 | 91,913 | 85,192 |
| D | Spórt agus Seirbhísí Áineasa | | | | |
| | *Bunaidh* | 209,001 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,800 | | | |
| | *Forlíontach* | (9,899) | | | |
| | | | 205,902 | 192,204 | 184,187 |
| E | Craolachán | | | | |
| | *Bunaidh* | 304,431 | | | |
| | *Forlíontach* | 14,126 | | | |
| | | | 318,557 | 304,502 | 288,889 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,202,012 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 21,480 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,727 | | | |
| | | | **1,228,219** | **1,165,541** | **1,110,436** |

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Olltoradh** | **Olltoradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| | *Lúide* | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gCabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 211,714 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,726 | | | |
| | | | **216,440** | **210,891** | **218,153** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 990,298 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 21,480 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **1,011,779** | **954,650** | **892,283** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán na leithreasuithe neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil, nó cuid díobh, a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €24.788 milliún de leithdháiltí neamhchaite maidir le h-eilimintí caipitil ar aghaidh go dtí 2025 (féach nóta 6.3).

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 57,128,994 | 56,383,182 |
| Géilleadh iarchurtha | (24,788,000) | (21,480,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **32,340,994** | **34,903,182** |

**Feargal Ó Coigligh**
Oifigeach Cuntasaíochta
Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

26 Márta 2025

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 1,130,050 | 1,080,648 |
| Pá | | 30,205 | 25,754 |
| Neamhphá | | 5,286 | 4,034 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,165,541** | **1,110,436** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gCabhair** | | **210,891** | **218,153** |
| **Glanchaiteachas** | | **954,650** | **892,283** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (305) | | |
| Dímheas | 296 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 6 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | — | | |
| Amúchadh | 59 | | |
| | | 56 | 145 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú i réamhíocaíochtaí | (499) | | |
| Méadú in ioncam fabhraithe | (225) | | |
| Méadú i speansais fhabhraithe | 1,325 | | |
| | | 601 | 17,367 |
| **Caiteachas díreach** | | **955,307** | **909,795** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 14,374 | 14,686 |
| Measchíosanna | | 1,136 | 1,136 |
| **Glanchostas an chláir** | | **970,817** | **925,617** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 33 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 41 | 40 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 11,779 | 12,184 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,439 | 1,420 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte | 46 | 48 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart - An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 557 | 570 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 243 | 222 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 97 | 47 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 172 | 155 |
| | | **14,374** | **14,686** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ar an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Dochta** | | | |
| Réadnhaoin, fearas agus trealamh | 2.1 | 3,342 | 3,339 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 67 | 126 |
| | | **3,409** | **3,465** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 23,677 | 39,920 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 11,579 | 11,080 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 772 | 95 |
| Ioncam fabhraithe | 2.6 | 227 | 2 |
| | | **36,255** | **51,097** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 2,705 | 1,380 |
| Ioncam iarchurtha | 2.8 | 2 | 2 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.9 | 1,775 | 1,204 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.10 | 22,674 | 38,811 |
| | | **27,156** | **41,397** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **9,099** | **9,700** |
| **Glansócmhainní** | | **12,508** | **13,165** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.11 | **12,508** | **13,165** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh [a]

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil [a]** | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2024 | 3,596 | 4,282 | 2,124 | 10,002 |
| Suimeanna Breise | — | 305 | — | 305 |
| Diúscairtí | — | (1,176) | — | (1,176) |
| Ar an 31 Nollaig 2024 | 3,596 | 3,411 | 2,124 | 9,131 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2024 | 915 | 3,851 | 1,897 | 6,663 |
| Dímheas don bhliain | 72 | 209 | 15 | 296 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1,170) | — | (1,170) |
| Ar an 31 Nollaig 2024 | 987 | 2,890 | 1,912 | 5,789 |
| **Glansócmhainní** | | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | **2,609** | **521** | **212** | **3,342** |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 2,681 | 431 | 227 | 3,339 |

Nóta [a] Áirítear ar chostas nó luacháil roinnt acmhainní a fuarthas ar níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí ceannaithe agus forbartha €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|
| **Costas nó luacháil** | | |
| Ar an 1 Eanáir 2024 | 4,106 | 4,106 |
| Suimeanna Breise | — | — |
| Diúscairtí | (3,829) | (3,829) |
| Ar an 31 Nollaig 2024 | 277 | 277 |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 3,980 | 3,980 |
| Amúchadh don bhliain | 59 | 59 |
| Amúchadh ar dhiúscairtí | (3,829) | (3,829) |
| Ar an 31 Nollaig 2024 | 210 | 210 |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | **67** | **67** |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 126 | 126 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ar an 31 Nollaig | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid agus airgead tirim PMG | 23,597 | 39,740 |
| Iarmhéid mionairgid | 2 | 2 |
| Iarmhéideanna an chuntais bainc tráchtála | 78 | 178 |
| | **23,677** | **39,920** |

Nóta [a] In iarmhéid an chuntais bainc tráchtála in 2024, áirítear €62,398 (2023: €165,187) i dtaca le cuntas bainc tráchtála arna fheidhmiú ag Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt.

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ar an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Bonneagar agus forbairt chultúir | 7,034 | 5,638 |
| Scéimeanna tacaíochta Gaeilge | 1,518 | 1,074 |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | 600 | 1,153 |
| Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta | 459 | 555 |
| Cultúr Éireann | 419 | 954 |
| Infheistíocht chaipitil dhigiteach agus speansais TF | 413 | 326 |
| Straitéis 20 Bliain na Gaeilge 2010-2030 | 198 | 65 |
| Earraí Ilghnéitheacha | 938 | 1,315 |
| | **11,579** | **11,080** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ar an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 26 | 35 |
| Paypath – mír fionraí maidir le híocaíochtaí tuarastail | 707 | 2 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 39 | 58 |
| | **772** | **95** |

## 2.6 Ioncam fabhraithe

| ar an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Leithreasaí-i-gcabhair: pinsean gníomhaireachtaí agus fáltais ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise | 212 | — |
| Tuarastail, pá agus liúntais: Fáltais na Roinne Coimirce Sóisialaí | 11 | — |
| An Chartlann Náisiúnta | 4 | 2 |
| | **227** | **2** |

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| ar an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fabhrú párolla | 967 | — |
| Fabhrú saoire | 634 | — |
| Coimisiún na Meán | 810 | — |
| An Chartlann Náisiúnta | 62 | 121 |
| Scéimeanna tacaíochta Gaeilge | 15 | 770 |
| Bonneagar agus forbairt chultúir | — | 155 |
| Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922 | — | 103 |
| Earraí Ilghnéitheacha | 217 | 231 |
| | **2,705** | **1,380** |

## 2.8 Ioncam iarchurtha

| ar an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| An Chartlann Náisiúnta | 2 | 2 |
| | **2** | **2** |

## 2.9 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ar an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 478 | 443 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 304 | 270 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 33 | 37 |
| Cáin bhreisluacha | 649 | 23 |
| | 1,464 | 773 |
| **Fionraí** | | |
| Ciste Tiomnachta Crowley (Nóta 7.2) | 88 | 128 |
| Eile | 223 | 303 |
| | 311 | 431 |
| | **1,775** | **1,204** |

## 2.10 Glanmhaoiniú Státchiste

| ar an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 32,341 | 34,903 |
| Géilleadh iarchurtha | 24,788 | 21,480 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (34,455) | (17,572) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **22,674** | **38,811** |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 23,677 | 39,920 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 772 | 95 |
| | 24,449 | 40,015 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,464) | (773) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (311) | (431) |
| | (1,775) | (1,204) |
| | **22,674** | **38,811** |

## 2.11 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 13,165 | 30,686 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,011,779 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (24,788) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (32,341) | | |
| Glanvóta | | | 954,650 | 892,283 |
| Caiteachas a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 14,374 | 14,686 |
| Earraí neamhairgid: Measchíosanna | 1 | | 1,136 | 1,127 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (970,817) | (925,617) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | | | **12,508** | **13,165** |

## 2.12 Ceangaltais

| ar an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 15,710 | 22,029 |
| Cláir deontais neamh-chaipitil (b) | 70,516 | 91,932 |
| Cláir deontais caipitil (c) | 407,165 | 163,520 |
| Tionscadail agus cláir chaipitil | 71,366 | 35,414 |
| **Iomlán na gceanglas is infhorfheidhmithe le dlí** | **564,757** | **312,895** |

Tá athríomh déanta ag an Roinn ar iarmhéideanna deiridh 2023 le haghaidh gealltanais. Dá bhrí sin, tá na hiarmhéideanna deiridh athchóirithe ó €313.404 milliún go €312.895 milliún.

| **b) Cláir deontais neamhchaipitil** | **€000** | **€000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 91,932 | 125,142 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (73,055) | (71,855) |
| Ceangaltais deontais nua | 53,493 | 40,458 |
| Deontais a cealaíodh | (1,854) | (1,813) |
| | **70,516** | **91,932** |

| **c) Cláir deontais caipitil** | **€000** | **€000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir | 163,520 | 215,188 |
| Ceangaltais deontais nua | 318,207 | 12,536 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (69,359) | (63,181) |
| Deontais a cealaíodh | (5,203) | (1,023) |
| **Iarmhéid deiridh ar 31 Nollaig** | **407,165** | **163,520** |

**d) Mórthionscadail chaipitil**

| Tionscadal/ clár | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2023 | Caiteachas in 2024 | Gealltanais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach an tionscadail 2024 | Caiteachas iomlán ionchasach an tionscadail 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Tionscadal Stórtha na Cartlainne Náisiúnta | €2,411 | €6,341 | €28,348 | €37,100 | — |

## 2.13 Dliteanais aibithe

| ar an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana | **32** | **175** |

## 2.14 Glacadh le CGAS den chéad uair in 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasaíochta nua rialtais láir (CGAS) i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur i bhfeidhm ar iarmhéid maoinithe an Stáit

| ar an 31 Nollaig | 2024 |
|---|---|
| | **€000** |
| Fabhrú párolla [a] | (967) |
| Fabhrú saoire [a] | (634) |
| | **(1,601)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a léiriú.

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar meastacháin** | **Olltoradh** | **Olltoradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 31,997 | | | |
| | | *Forlíontach* | (900) | | | |
| | | | | 31,097 | 30,205 | 25,754 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | | 700 | 631 | 542 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | | | 1,294 | 439 | 225 |
| iv | Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil | | | 393 | 781 | 694 |
| v | Infheistíocht chaipitil dhigiteach agus speansais TF | | | 2,159 | 1,890 | 1,845 |
| vi | Speansais áitribh | | | 1,389 | 503 | 472 |
| vii | Athbhreithniú beartais, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde | | | 1,240 | 1,042 | 256 |
| | | | | **38,272** | **35,491** | **29,788** |

Nóta [a] Tá athruithe tugtha isteach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe ar anailís ar fho-cheannteidil riaracháin neamhphá do 2024 mar pháirt den phróiseas chun fo-cheannteidil riaracháin a nuachóiriú ar fud na gcuntas vótáilte. Tá leasú déanta ar fhigiúirí comparáide 2023 chun an struchtúr nua seo a léiriú.

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach sa nóta seo na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin

**iii Oiliúint agus Forbairt**

*Soláthar meastacháin €1.294 milliún; olltoradh €439,000*

Tharla na coigiltis mar gheall ar athchumrú fho-cheannteidil riaracháin do 2024 rud a d'fhág gur bhog caiteachas a gearradh roimhe seo ar fho-cheannteideal iii Oiliúint agus forbairt (roimhe seo: Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha) go fo-cheannteideal iv Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach (roimhe seo: Seirbhísí poist agus teileachumarsáide).

**iv Seirbhísí oibríochta, soláthairtí agus trealamh éagsúil**

*Soláthar meastacháin €393,000; olltoradh €781,000*

Tharla an barrachas de bharr an athchumraithe ar fho-cheannteidil riaracháin do 2024, a d'fhág gur ghearradh catagóirí breise caiteachais ar fo-mhírcheann iv (féach thuas).

**vi Costas áitribh**

*Soláthar meastacháin €1.389 milliún; olltoradh €503,000*

Tharla an coigilteas mar gheall ar an moill ar bhogadh na Roinne go ceanncheathrú nua i Lána Leeson a bhí sceidealaithe ar dtús don bhliain 2024 - bhí foráil do chaiteachas a bhain leis an aistriú seo san áireamh sa fhoráil do 2024. Tharla aistriú an fhoirgnimh nua i mí Aibreáin 2025. Ba é OOP agus ní an Roinn a d'íoc costas caipitil an fhoirgnimh.

## Clár A Seirbhísí turasóireachta

| | | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,389 | | | |
| | | *Forlíontach* | (100) | | | |
| | | | | 3,289 | 2,931 | 2,366 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | 723 | 471 | 371 |
| A.3 | Fáilte Ireland | | | 95,474 | 96,474 | 94,136 |
| A.4 | Turasóireacht Éireann Teoranta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 21,458 | | | |
| | | *Forlíontach* | 5,800 | | | |
| | | | | 27,258 | 27,258 | 20,762 |
| A.5 | Ciste Margaíochta Turasóireachta | | | 59,600 | 57,104 | 61,925 |
| A.6 | Forbairt táirgí turasóireachta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 36,500 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,000) | | | |
| | | | | 35,500 | 32,000 | 18,000 |
| A.7 | Cúlchiste oiriúnaithe don Bhreatimeacht | | | — | — | 7,750 |
| A.8 | Maoiniú aistrithe chóir de chuid an AE | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,500 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 4,380 | | | |
| | | | | 5,880 | 4,759 | — |
| | | | | **227,724** | **220,997** | **205,310** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachais clár neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000).

**A.4 Turasóireacht Éireann Teoranta**

*Soláthar meastacháin €21.458 milliún; olltoradh €27.258 milliún*

Faoi phróiseas an Mheastacháin Fhorlíontaigh, comhaontaíodh aistriú €5.8m chun tacú le Turasóireacht Éireann sraith feachtas a chur chun cinn agus chun cabhrú le tosaíochtaí san earnáil turasóireachta a bhaint amach.

### A.6 Forbairt táirgí turasóireachta

*Soláthar meastacháin €36.5 milliún; olltoradh €32.0 milliún*

Tharla an coigilteas de €4.5 milliún mar gheall ar mhoilleanna i ndul chun cinn roinnt tionscadal caipitil, den chuid is mó. Tugadh €2.5 milliún den mhaoiniú seo ar aghaidh chuig 2025.

### A.8 Maoiniú aistrithe chóir de chuid an AE

*Soláthar meastacháin €5.88 milliún; olltoradh €4.759 milliún*

Tharla an coigilteas de €1.121 milliún mar go raibh an íostarraingt in 2024 ní ba mhoille ná mar a bhíothas ag súil léi, den chuid is mó. Mar thoradh air seo, tugadh €512,000 den mhaoiniú seo ar aghaidh chuig 2025.

## Clár B Na healaíona agus cultúr

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 14,467 | | | |
| | | *Forlíontach* | (350) | | | |
| | | | | 14,117 | 13,857 | 11,788 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | | 2,795 | 1,667 | 1,531 |
| B.3 | Íocaíochtaí chun acmhainní arna gcruthú ag an gCartlann Náisiúnta a mheaitseáil | | | 40 | 29 | 29 |
| B.4 | Speansais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle Comhairlí | | | 2,726 | 2,385 | 1,933 |
| B.5 | Speansais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus ghailearaí Crawford (Nóta 7.1) | | | 28,411 | 28,411 | 27,360 |
| B.6 | Músaeim, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha | | | 23,245 | 21,840 | 21,039 |
| B.7 | Bonneagar agus forbairt chultúir | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 36,592 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 7,800 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,000) | | | |
| | | | | 43,392 | 27,516 | 25,783 |
| B.8 | Cultúr Éireann | | | 7,600 | 7,562 | 6,598 |
| B.9 | An Chomhairle Ealaíon (arna páirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | 134,278 | 134,278 | 130,488 |
| B.10 | Speansais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann | | | 19,106 | 19,106 | 18,666 |
| B.11 | Speansais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | | | 10,252 | 10,252 | 9,995 |
| B.12 | Fís Éireann | | | 39,546 | 39,546 | 37,946 |
| B.13 | Speansais ghinearálta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann | | | 13,778 | 13,778 | 13,395 |
| B.14 | Príomhchathair Chultúir na hEorpa | | | — | — | 798 |

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.15 | Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922 | | 1,500 | 1,353 | 5,000 |
| B.16 | Tacaíochtaí cultúir | | 35,000 | 34,345 | 34,509 |
| | | | **375,786** | **355,925** | **346,858** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000).

**B.4 Speansais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle Comhairlí**

*Soláthar meastacháin €2.726 milliún; olltoradh €2.385 milliún*

Tharla an coigilteas de €341,000 de bharr na moille a bhí ar thús oibreacha athchóirithe ar an 6ú hurlár.

**B.6 Músaeim, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha**

*Soláthar meastacháin €23.245 milliún; olltoradh €21.84 milliún*

Tharla an coigilteas de €1.405 milliún de bharr íostarraingt maoinithe a bhí ní ba mhoille ná mar a bhíothas ag súil leis faoi chlár Éire Ildánach, den chuid is mó.

**B.7 Bonneagar agus forbairt chultúir**

*Soláthar meastacháin €44.392 milliún; olltoradh €27.516 milliún*

Ba é an chúis ba mhó leis an gcoigilteas €16.876 milliún ar fho-mhírcheann B7 ná caiteachas níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar Chlár Infheistíochta na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta. Baineann athfhorbairt roinnt Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta faoin bPlean Forbartha Náisiúnta leis an gclár seo, rud a dhaingneoidh na hinstitiúidí do na glúnta atá le teacht agus féadfaidh sé roinnt blianta a thógáil chun tionscadail a chur i gcrích tríd an bpróiseas *Treoirlínte Bonneagair*.

**B.15 Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922**

*Soláthar meastacháin €1.5 milliún; olltoradh €1.353 milliún*

Tharla an coigilteas de €147,000 toisc go raibh roinnt faighteoirí deontais nár tharraing a leithdháileadh iomlán anuas.

## Clár C An Ghaeltacht

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,259 | | | |
| | *Forlíontach* | (250) | | | |
| | | | 7,009 | 5,842 | 5,228 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | 1,913 | 1,256 | 1,108 |
| C.3 | Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,199 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 650 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,000) | | | |
| | | | 10,849 | 9,985 | 8,737 |
| C.4 | Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,200 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (100) | | | |
| | | | 14,100 | 10,358 | 8,876 |
| C.5 | An Coimisinéir Teanga | | 1,522 | 1,463 | 1,135 |
| C.6 | Údarás na Gaeltachta – riarachán | | 15,525 | 15,525 | 14,599 |
| C.7 | Údarás na Gaeltachta – caiteachas ar chláir reatha | | 6,750 | 6,750 | 6,750 |
| C.8 | Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus caiteachas caipitil ar áitribh | | | | |
| | *Bunaidh* | 14,454 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 500 | | | |
| | | | 14,954 | 14,954 | 14,454 |
| C.9 | Comhoibriú thuaidh theas | | | | |
| | *Bunaidh* | 18,728 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 350 | | | |
| | | | 19,078 | 17,538 | 16,948 |
| C.10 | Próiseas pleanála teanga | | | | |
| | *Bunaidh* | 6,550 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,000 | | | |
| | | | 7,550 | 7,550 | 6,750 |

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Olltoradh** | **Olltoradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| C.11 | Tionscnaimh seirbhíse poiblí | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,500 | | | |
| | *Forlíontach* | (500) | | | |
| | | | 1,000 | 692 | 607 |
| | | | **100,250** | **91,913** | **85,192** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000).

**C.3 Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta**

*Soláthar meastacháin €13.849 milliún; olltoradh €9.985 milliún*

Tharla an coigilteas de €3.864 milliún de bharr moilleanna a bhí ar mhórthionscadail chaipitil chomh maith le laghdú ar an líon iarratas a fuarthas, den chuid is mó.

**C.4 Scéimeanna tacaíochta Gaeilge**

*Soláthar meastacháin €14.2 milliún; olltoradh €10.358 milliún*

Tharla an coigilteas de €3.842 milliún de bharr moilleanna i ndul chun cinn roinnt mórthionscadal. Tugadh €2.2 milliún den mhaoiniú seo ar aghaidh chuig 2025.

**C.9 Comhoibriú thuaidh/theas**

*Soláthar meastacháin €19.078 milliún; olltoradh €17.538 milliún*

Tharla an coigilteas de €1.54 milliún toisc nárbh fhéidir an maoiniú méadaithe a leithdháileadh ar an bhForas Teanga do 2024 a fhaomhadh gan chistiú meaitseála ón Roinn urraíochta eile (an Roinn Pobal, Tuaisceart Éireann).

**C.10 An Próiseas Pleanála Teanga**

*Soláthar meastacháin €6.55 milliún; olltoradh €7.55 milliún*

Tharla an caiteachas méadaithe, de bhun na meastachán forlíontach, ar mhaithe le roinnt tionscadal straitéiseach a bhaineann le cur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge a éascú.

**C.11 Tionscnaimh seirbhíse poiblí**

*Soláthar meastacháin €1.5 milliún; olltoradh €692,000*

Tharla an coigilteas de €808,000 de bharr gannchaithimh i dtionscadal lenar cuireadh seirbhísí taighde ar fáil don Roinn, mar gheall ar fhadhbanna le baill foirne a earcú agus tús moillithe ar mhórfheachtas feasachta atá anois le tarlú in 2025.

## Clár D Spóirt agus seirbhísí áineasa

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Olltoradh** | **Olltoradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| D.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,260 | | | |
| | *Forlíontach* | (100) | | | |
| | | | 4,160 | 4,147 | 3,598 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | 932 | 464 | 382 |
| D.3 | An clár caipitil agus trealaimh spóirt | | | | |
| | *Bunaidh* | 34,535 | | | |
| | *Forlíontach* | 15,001 | | | |
| | | | 49,536 | 48,575 | 53,765 |
| D.4 | Clár linn snámha na n-údarás áitiúil | | 1,000 | — | 827 |
| D.5 | Spórt Éireann (arna pháirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 108,779 | 107,039 | 104,694 |
| D.6 | Maoiniú as ciste na gcuntas díomhaoin do bhearta spóirt | | 10,500 | 10,500 | 12,000 |
| D.7 | An ciste d’infreastruchtúr spóirt ar mhórscála | | | | |
| | *Bunaidh* | 42,600 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,800 | | | |
| | *Forlíontach* | (25,000) | | | |
| | | | 24,400 | 14,924 | 3,121 |
| D.8 | Mórimeachtaí spóirt | | | | |
| | *Bunaidh* | 6,395 | | | |
| | *Forlíontach* | 200 | | | |
| | | | 6,595 | 6,555 | 5,800 |
| | | | **205,902** | **192,204** | **184,187** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000).

**D.3 An clár caipitil agus trealaimh spóirt**

*Soláthar meastacháin €34.535 milliún; olltoradh €48.575 milliún*

In 2024, mar pháirt de na meastacháin fhorlíontacha, cuireadh €15.001 milliún breise ar fáil don fho-cheannteideal seo ar mhaithe le caiteachas méadaithe de bhun na leithdháiltí maoinithe is mó riamh faoi bhabhtaí an chláir caipitil spóirt le déanaí.

**D.4 Clár linn snámha na n-údarás áitiúil**

*Soláthar meastacháin €1.0 milliún; olltoradh €nialas*

Tharla an coigilteas toisc gur chlár oidhreachta é seo le ceanglais theagmhasacha do ghealltanais a d'fhéadfadh a bheith ann fós.

**D.7 An ciste d'infreastruchtúr spóirt ar mhórscála**

*Soláthar meastacháin €49.4 milliún; olltoradh €14.924 milliún*

Ba í príomhchúis an choigiltis de €34.476 milliún ná gur chuir roinnt deontaithe stop le tionscadail go sealadach de bhun an ardaithe sa bhoilsciú tógála go dtí go mbeadh siad in ann an maoiniú riachtanach a fháil chun an obair a thabhairt i gcrích. Corruair, bhí gá le hatheagar agus athluacháil ar thionscadail dá bharr seo, rud a d'fhág go gcaithfear an próiseas díchill chuí a dhéanamh arís. Tugadh €9.476 milliún den mhaoiniú seo ar aghaidh chuig 2025.

## Clár E Craolachán

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,622 | | | |
| | *Forlíontach* | (100) | | | |
| | | | 2,522 | 3,428 | 2,774 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | | 812 | 1,428 | 642 |
| E.3 | Deontas do Raidió Teilifís Éireann i gcomhair táillí ceadúnais craolacháin | | | | |
| | *Bunaidh* | 168,622 | | | |
| | *Forlíontach* | 11,308 | | | |
| | | | 179,930 | 173,473 | 179,451 |
| E.4 | Íocaíocht le An Post maidir le ceadúnais chraolacháin a bhailiú | | | | |
| | *Bunaidh* | 12,457 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,474) | | | |
| | | | 8,983 | 8,983 | 8,419 |
| E.5 | Deontas i leith Theilifís na Gaeilge | | | | |
| | *Bunaidh* | 57,033 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,500 | | | |
| | | | 61,533 | 61,533 | 56,233 |
| E.6 | Ciste craolacháin agus na meán cumarsáide | | | | |
| | *Bunaidh* | 22,885 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,108) | | | |
| | | | 19,777 | 19,270 | 19,570 |
| E.7 | Coimisiún na Meán | | | | |
| | *Bunaidh* | — | | | |
| | *Forlíontach* | 5,000 | | | |
| | | | 5,000 | 4,330 | 5,800 |
| E.8 | Maoiniú eatramhach do Raidió Teilifís Éireann | | 40,000 | 32,057 | 16,000 |
| | | | **318,557** | **304,502** | **288,889** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000).

**E.4 Íocaíocht le An Post maidir le ceadúnais chraolacháin a bhailiú**

*Soláthar meastacháin €12.457 milliún; olltoradh €8.983 milliún*

Tá an íocaíocht le An Post bunaithe ar choimisiún d'eisiúintí ceadúnas teilifíse agus ar shuim chuí ar bith a cheapann an tAire de réir an Achta Craolacháin 2009. Léirítear in olltoradh 2024 coimisiún laghdaithe ceadúnas teilifíse agus suim bhreise a tharla de bharr Chinneadh an Rialtais in Iúil 2024 faoi mhaoiniú na meán seirbhíse poiblí sa todhchaí.

**E.5 Deontas i leith Theilifís na Gaeilge**

*Soláthar meastacháin €57.033 milliún; olltoradh €61.533 milliún*

Cuireadh €4.5 milliún breise ar fáil faoin fho-cheannteideal seo mar pháirt den mheastachán forlíontach a d'éascaigh infheistíocht bhreise i gcoimisiúin ón earnáil léiriúcháin neamhspleách, rud a chuir ábhar d'ardchaighdeán, a rinneadh in Éirinn, ar fáil do TG4 lena chraoladh.

**E.6 Ciste craolacháin agus meán**

*Soláthar meastacháin €22.885 milliún; olltoradh €19.27 milliún*

De réir an Achta Craolacháin 2009, tá íocaíochtaí leis an gciste craolacháin bunaithe go príomha ar leibhéal na dtáillí ceadúnas teilifíse a bhí laghdaithe in 2024 i gcomparáid le 2023. Tá sé seo léirithe san olltoradh.

**E.7 Coimisiún na Meán**

*Soláthar meastacháin €nialas; olltoradh €4.33 milliún*

San olltoradh léirítear cinneadh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun fíneáil chnapshuime de €2,500,000 agus íocaíochtaí laethúla pionóis de €10,000 a ghearradh ar Éirinn as a mainneachtain an Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a thrasuí. Cuireadh maoiniú ar fáil chun an caiteachas seo a chlúdach mar pháirt den mheastachán forlíontach.

**E.8 Maoiniú eatramhach do Raidió Teilifís Éireann**

*Soláthar meastacháin €40 milliún; olltoradh €32.057 milliún*

Bhí maoiniú iomlán RTÉ in 2024 teoranta don mhéid a cuireadh ar fáil faoi fho-cheannteidil E.3 agus E.8. Toisc go raibh fáltais ceadúnas teilifíse ní b'airde ná mar a measadh ar dtús, bhí laghdú comhfhreagrach sa leithdháileadh a íocadh ón Fho-cheannteideal seo, agus mar gheall air sin bhí coigilteas de bheagnach €8 milliún ar an leithdháileadh bunaidh ón Státchiste.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann | | 343 | 372 | 431 |
| 2 | Táillí na Cartlainne Náisiúnta | | 44 | 37 | 31 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | | 2,819 | 4,255 | 3,322 |
| 4 | Maoiniú ó chiste na gcuntas díomhaoin | | 10,500 | 10,500 | 12,000 |
| 5 | Fáltais phinsin Spórt Éireann | | 153 | 79 | 116 |
| 6 | Táillí ceadúnais craolacháin | | | | |
| | *Bunaidh* | 197,130 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,726 | | | |
| | | | 201,856 | 194,913 | 201,378 |
| 7 | Fáltais ilghnéitheacha | | 725 | 735 | 875 |
| | | | **216,440** | **210,891** | **218,153** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

**4 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Soláthar meastacháin €2.819 milliún; olltoradh €4.255 milliún*

Is í an phríomhchúis atá leis an éagsúlacht €1.436 milliún ná go bhfuarthas ranníocaíochtaí aoisliúntais ní b'airde ó ghníomhaireachtaí ná mar a bhíothas ag súil leis.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | — | — |
| Spórt Éireann – Iarmhéid airgid tacaíochta fuinnimh | 8,739 | 5,995 |
| An Chomhairle Ealaíon – iarmhéid airgid tacaíochta fuinnimh | 2,850 | — |
| Turasóireacht Éireann – aisghabháil chúlchistí dheireadh na bliana | 6,100 | — |
| Údarás na Gaeltachta – díolachán scaireanna | — | 5,218 |
| Fáilte Ireland – Díolachán maoine | — | 1,114 |
| Fáilte Ireland – Díolachán talún | — | 530 |
| Fáilte Ireland – Díolachán táirgí turasóireachta | — | 500 |
| Fáltais ó iasachtaí Gaeltachta | — | 5 |
| Fáltais ó ghéilleadh deonach tuarastal airí | 37 | 37 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (17,689) | (13,399) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | **37** | **—** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| **Coibhéis lánaimseartha** | **2024** | **2023** |
|---|---:|---:|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 487 | 453 |
| Gníomhaireachtaí | 2,026 | 1,795 |
| | **2,513** | **2,248** |

### 5.2 Pá

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | **2024** | **2023** |
|---|---:|---:|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 27,350 | 23,290 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 232 | 123 |
| Liúntais eile | 47 | 172 |
| Ragobair | 63 | 61 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,513 | 2,108 |
| **Pá iomlán** | **30,205** | **25,754** |

**Luach saothair fhoireann gníomhaireachta**

| | **2024** | **2023** |
|---|---:|---:|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 113,463 | 108,490 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 488 | 436 |
| Liúntais eile | 421 | 342 |
| Ragobair | 317 | 293 |
| ÁSPC an Fhostóra | 6,869 | 5,615 |
| **Pá iomlán** | **121,558** | **115,176** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024 | 2023 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 12 | 5 | 35,649 | 35,251 |
| Liúntais eile | 18 | 4 | 24,551 | 23,481 |
| Ragobair | 31 | 1 | 11,853 | 12,187 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 6 | 4 | 17,258 | 17,410 |
| **Foireann Gníomhaireachtaí** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 64 | 6 | 31,015 | 16,459 |
| Liúntais eile | 241 | 6 | 57,105 | 42,000 |
| Ragobair | 167 | 8 | 36,497 | 18,872 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 138 | 7 | 23,215 | 19,203 |

## 5.4 Fostaí na Roinne de réir banda pá

Taispeántar thíos líon fhostaithe na Roinne a bhfuil a sochair fostaíochta iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC nó costais phinsin fostaí san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 agus níos airde.

| Banda pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go | 2024 | 2023 |
| 20,000 | 59,999 | 266 | 282 |
| 60,000 | 69,999 | 48 | 41 |
| 70,000 | 79,999 | 36 | 39 |
| 80,000 | 89,999 | 46 | 34 |
| 90,000 | 99,999 | 27 | 12 |
| 100,000 | 109,999 | 10 | 9 |
| 110,000 | 119,999 | 11 | 7 |
| 120,000 | 129,999 | 6 | 5 |
| 130,000 | 139,999 | 3 | 1 |
| 140,000 | 149,999 | 3 | 1 |
| 150,000 | 159,999 | 1 | 2 |
| 160,000 | 169,999 | 1 | 1 |
| 170,000 | 179,999 | 2 | — |
| 180,000 | 189,999 | — | — |
| 190,000 | 199,999 | 1 | — |
| 200,000 | 209,999 | — | — |
| 210,000 | 219,999 | — | 1 |

## 5.5 Luach Saothair agus Sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bunphá F Ó Coigligh | 194 | — |
| Bunphá K Licken | 17 | 215 |
| Scaoilíocaíocht K Licken | 224 | — |
| **Iomlán** | **435** | **215** |

Níl luach na sochar scoir a saothraíodh sa tréimhse sin curtha san áireamh sa mhéid thuas. Baineann an scéim aoisliúntais réamh-1995 do státseirbhísigh sheanbhunaithe leis an mbeirt Oifigeach Cuntasaíochta agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar téarmaí na scéime pinsin sin.

### 5.6 Socruithe luach saothair eile

Athfhostaíodh seisear státseirbhíseach a bhí ar scor, agus iad ag fáil pinsin státseirbhíse, ar bhonn táille le costas iomlán de €25,635. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €306,304 i ndáil le ceithrear oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2024 ar fad, nó cuid de 2024, agus a raibh an Roinn ag íoc a dtuarastal.

### 5.7 Scaoilíocaíocht

I rith 2024, íocadh scaoilíocaíochtaí de luach iomlán €224,173 leis an Oifigeach Cuntasaíochta a bhí ag dul as oifig.

### 5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

| faoin 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2024**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
|---|---:|---:|---:|
| Ró-íocaíochtaí | 38 | 86,013 | 33,891 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 16 | 1,134 | 25,240 |

Aistríodh dhá phlean aisghabhála ró-íocaíochta, de luach €626, maidir le beirt amach chuig dhá roinn / oifig rialtais in 2024.

## Nóta 6 Nithe Ilghnéitheacha

### 6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Míniú ar an bhfo-cheannteideal:** | | | | |
| B.9 | An Chomhairle Ealaíon (arna páirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 134,278 | 134,278 | 130,488 |
| C.4 | Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 14,100 | 10,358 | 8,876 |
| D.3 | An clár caipitil agus trealaimh spóirt | 49,536 | 48,575 | 53,765 |
| D.5 | Spórt Éireann (arna pháirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 108,779 | 107,039 | 104,694 |
| | | **306,693** | **300,250** | **297,823** |

Tá liosta iomlán de na deontaithe faoi fho-cheannteideal C.4 agus D.3 le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

### 6.2 Costais eadrána agus réitigh

Ba ionann caiteachas 2024 agus €nialasach (2023: €nil). Ní raibh cásanna réitithe ar bith in 2024 (2023: cás ar bith).

### 6.3 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha don bhliain 2024 comhdhéanta de choigilteas €24.788 milliún i gcaiteachais chaipitil sna for-cheannteidil seo a leanas agus tugadh ar aghaidh é go dtí an bhliain 2025.

| | €000 |
|---|---|
| A.6 Forbairt táirgí turasóireachta | 2,500 |
| A.8 Ciste aistrithe chóir de chuid an AE | 512 |
| B.7 Bonneagar agus forbairt chultúir | 8,500 |
| C.4 Scéimeanna tacaíochta Gaeilge | 2,200 |
| D.5 Spórt Éireann | 1,600 |
| D.7 An ciste d’infreastruchtúr spóirt ar mhórscála (LSSIF) | 9,476 |
| | **24,788** |

## Nóta 7 Cuntais Ilghnéitheacha

### 7.1 Íocaíochtaí i leith speansais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Ghailearaí Ealaíne Crawford (fo-cheannteideal B.5)

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Íocaíochtaí** | | |
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | 7,788 | 7,540 |
| Leabharlann Chester Beatty | 4,020 | 3,917 |
| An Ceoláras Náisiúnta | 14,149 | 13,501 |
| Gailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh | 2,454 | 2,402 |
| | **28,411** | **27,360** |

### 7.2 Ciste Tiomnachta Crowley

Ghlac an Stát leis an tiomnacht sa bhliain 1997, lena húsáid le dul i mbun tionscadail chun taifid Oifig an Ard-Rúnaí sa tréimhse 1815-1853 a liostú, a chur ar mhicreascannán agus a fhoilsiú. Is ionann an muirear ar an gciste agus costais chaomhnúcháin agus tuarastail a bhaineann leis an tionscadal seo.

**Cuntais na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 128 | 142 |
| Íocaíochtaí | (40) | (14) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | **88** | **128** |

### 7.3 Ráiteas faoi iasachtaí le haghaidh tithíochta Gaeltachta

Iasachtaí a eisíodh ar mhaithe le tithíocht Ghaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht) 1929 go 2001 agus aisíocaíochtaí ina leith:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir | 170 | 180 |
| Ús a díscríobhadh | — | (8) |
| Ús pionósach bliantúil a fabhraíodh | 4 | 3 |
| Aisíocaíochtaí príomhshuime | — | (4) |
| Íocaíochtaí úis | — | (1) |
| **Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig** | **174** | **170** |